Is féidir ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe a bheith ann.

ÁSPC Aicme A

Má bhí duine ag obair agus ag íoc ÁSPC, beidh ÁSPC Aicme A íoctha acu ach amháin má bhí siad:

- Féinfhostaithe
- Fostaithe ag an stát roimh an 6 Aibreán 1995, nó
- Ag tuilleamh níos lú ná ollmhéid €38.00 sa tseachtain

Tugann ÁSPC Aicme A teidlíocht i leith Sochair Dhífhostaíochta agus íocaíochtaí eile árachais shóisialaigh cosúil le Sochar Míchumais.

Tá ÁSPC Aicme A oscailte do dhaoine atá i bhfostaíocht tionscail, tráchtála nó seirbhíse agus atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse le holltuilleamh €38 nó níos mó sa tseachtain ó gach fostaíocht. Áirítear air sin freisin Rannpháirtithe Fostaíochta Pobail (CE) (ó 1996) agus oibrithe JI.

I measc na sochar a d'fhéadfadh a bheith ag dul do dhuine de bharr bheith ag íoc ÁSPC Aicme A tá:

- Sochar Dífhostaíochta
- Sochar Míchumais
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta
- Sochar Máithreachais
- Sochar Uchtaíoch
- Pinsean na nEaslán
- Pinsean (Ranníocach) Baintrí/Baintrí Fir
- Liúntas Dílleachta (Ranníocach)
- Pinsean Scoir
- Pinsean (Ranníocach) Seanaoise
- Deontas Méala
- Sochar Cóireála
- Sochair Dhíobhálacha Ceirde
- Sochar Cúramóra